Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2021
(OR. en)

15161/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0407(COD)**

**ECOFIN 1269**
**STATIS 57**
**CODEC 1680**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 776 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCHOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 agus lena n-aisghairtear 11 gníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 776 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 776 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2021
COM(2021) 776 final

2021/0407 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I Rialachán (AE) Uimh. 549/2013[1], lenar bunaíodh Córas Cuntas Eorpach athbhreithnithe (CCE 2010), áirítear bunús coincheapúil (Iarscríbhinn A) agus clár tarchurtha sonraí atá le tarchur chuig Eurostat (Iarscríbhinn B). Ó tugadh isteach CCE 2010 in 2014, tá éabhlóid tagtha ar phríomhaicmiú staidrimh ar a bhfuil sé bunaithe (Aicmiú nua ar Thomhaltas Aonair de réir Cuspóra, nó COICOP[2]) mar aon le héabhlóid ar riachtanais na n-úsáideoirí maidir le sonraí na gcuntas náisiúnta.

Dá bhrí sin, creideann an Coimisiún gurb iomchuí Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 a leasú chun tagairtí d'aicmiú COICOP a thabhairt cothrom le dáta agus an clár tarchuir a thabhairt cothrom le dáta chun riachtanais nua úsáideoirí a léiriú

Ina theannta sin, creideann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil 11 ghníomh dlí a bhaineann leis an gCóras Cuntas Eorpach (CCE 1995)[3], a bhí ann roimhe seo a aisghairm, ós rud é nach bhfuil na gníomhartha sin ábhartha a thuilleadh.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra iomlán comhsheasmhach leis na forálacha staidrimh atá ann cheana i reachtaíocht an Aontais.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Na sonraí cuntas náisiúnta a ullmhaítear agus a tharchuirtear faoi Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, úsáidtear go forleathan iad chun críocha bheartas an Aontais agus feabhsóidh na hathbhreithnithe atá beartaithe infhaighteacht na sonraí d'úsáideoirí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) is bhunús dlí le staidreamh Eorpach. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta chun a áirithiú go dtáirgtear staidreamh, i gcás inar gá sin, chun go bhféadfaidh an tAontas a ról a fheidhmiú. Leagtar amach in Airteagal 338 CFAE na ceanglais le haghaidh staidreamh Eorpach a tháirgeadh atá riachtanach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais a fheidhmiú, gníomhaíochtaí nach mór a bheith ar chaighdeáin áirithe neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíoch, costéifeachtúlachta, agus rúndachta staidrimh gan ualaí iomarcacha a chur ar oibreoirí eacnamaíocha.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

2 Arna fhormhuiniú ag an 49ú Seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe.

3 Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (IO L 310, 30.11.1996, lch. 1).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Dréachtaíodh an togra le haghaidh an Rialacháin seo d'fhonn ábharthacht CCE 2010 a choinneáil i ndáil lena bhunús coincheapúil agus lena chlár tarchuir. Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go neamhspleách, cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a bhaint amach go leordhóthanach d'fhonn inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht a áirithiú. Is féidir gníomhaíocht a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal AE, agus an méid sin á dhéanamh ar bhonn gníomh dlí de chuid AE.

Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh sa réimse seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Maidir leis an ngá atá leis an nasc chuig príomhaicmiú a thabhairt cothrom le dáta, agus le haghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí sa chlár tarchuir, is féidir freastal ar an ngá sin trí leasú teoranta a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an rialachán atá beartaithe ach leis an íosmhéid a theastaíonn chun a chuspóir a bhaint amach agus ní ghabhann sé lastall den mhéid atá riachtanach don chuspóir sin.

- **An rogha ionstraime**

I bhfianaise chuspóirí agus inneachar an togra, agus ó tharla gur togra lena leasaítear rialachán ar ann dó cheana atá i gceist leis an togra, meastar gur rialachán is oiriúnaí mar ionstraim sa chás seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bunaithe ar chaighdeáin an Choimisiúin, leanadh an córas atá ar bun ag Eurostat chun meastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana, lena n-áirítear an mheastóireacht ar an gClár Staidrimh Eorpach[4], agus bhí sé ina chuid lárnach den phróiseas ar fad. Ina theannta sin, reáchtáiltear suirbhéanna ar úsáideoirí gach bliain chun eolas níos fearr a fháil ar úsáideoirí, ar a riachtanais agus ar a shásta atá siad leis na seirbhísí a sholáthraíonn Eurostat. Baineann Eurostat úsáid as torthaí meastóireachta chun feabhas a chur ar an bpróiseas um fhaisnéis staidrimh a tháirgeadh agus ar a aschur staidrimh. Tá na torthaí sin ina mbonn eolais faoi phleananna straitéiseacha éagsúla, lena n-áirítear an clár oibre agus an plean bainistíochta.

Glacadh 'Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm CCE 2010' an 29 Meitheamh 2018 (COM(2018)506 final). Ina theannta sin, tionóladh roinnt cruinnithe saineolaithe leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara móra. Thar

4 Féach http://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/evaluation

aon ní eile, is iad seirbhísí an Choimisiúin, na Ballstáit, agus eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail BCE agus ECFE, a raibh dlúthbhaint acu le forbairtí agus le plé, príomhpháirtithe leasmhara CCE 2010. Tá na cleachtóirí ar aon intinn gur gá mionathruithe a dhéanamh ar Rialachán CCE 2010. Tháinig sé sin chun solais tar éis do Eurostat suirbhé tosaíochta a dhéanamh ag tús na bliana 2018 agus deimhníodh é i gconclúidí roinnt grúpaí saineolaithe dá éis sin maidir le cuntais náisiúnta, go háirithe Stiúrthóirí an Staidrimh Mhaicreacnamaíoch agus an tascfhórsa tiomnaithe maidir le comhsheasmhacht trasréimse CCE 2010.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I bhfianaise nach mbeadh tionchar suntasach ag an leasú ata beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 549/2013 ar an tsochaí ná ar an ngeilleagar (féach an míniú thíos), chuaigh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, ós rud é gurb iad na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta (NSInna) a bhíonn freagrach as na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le staidreamh Eorpach a chomhordú ar leibhéal náisiúnta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Pléadh na saincheisteanna ar bonn leis an togra iad ag cruinnithe de Stiúrthóirí an Staidrimh Mhaicreacnamaíoch (DMES), agus dá fhoghrúpaí, le linn na bliana 2020-21 agus reáchtáladh dhá bhabhta comhairliúchán scríofa. Fuarthas ionchur ó na príomhpháirtithe leasmhara i seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh agus lasmuigh de (mar shampla, an Banc Ceannais Eorpach). Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2021 bhí plé ann le Fochoiste an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais um Staidreamh.

Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE) an 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac sé tuairim.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair mar nach mbaineann aon iarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta ná comhshaoil ar fiú trácht orthu leis an togra agus mar nach dtarraingeoidh sé aon chostas breise ar ghnólachtaí ná ar an bpobal i gcoitinne.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ar bhealach amháin, comhlíontar leis an togra seo cuspóirí simplithe an chláir REFIT trí tharchur sonraí chun críoch acmhainní dílse OIN a shioncrónú le tarchur sonraí chun críoch cuntasaíochta náisiúnta eile. Ar bhealach eile, comhlíontar na cuspóirí simplithe sin trí aistriú chuig CCE 2010 chun críoch acmhainní dílse ionas nach gcuirfear de cheangal ar na Ballstáit dhá shraith cuntas a ullmhú, is é sin, ceann amháin faoi CCE 2010 agus ceann eile faoi CCE 95.

Toisc nach mbeidh tionchar aige ach ar na cuntasóirí náisiúnta sna Ballstáit, ní dhéanfar aon difear do ghnólachtaí leis an togra seo.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon acmhainní buiséadacha breise ag teastáil.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é go bhfuil na leasuithe atá molta bunaithe ar na tarchuir sonraí dheonacha atá ann cheana agus orthu siúd atá bunaithe ar chomhaontuithe oinigh, bheadh cur chun feidhme teoranta d'áireamh na bhforálacha nua sa reachtaíocht, agus déanfar faireachán ar na forálacha sin de réir mar is gá go dlíthiúil.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Dada

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an togra le leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ar dhá bhealach:

<u>i) Leasuithe ar Iarscríbhinn A (bonn coincheapúil CCE 2010)</u>

Is ar aicmithe staidrimh a aithnítear go hidirnáisiúnta atá na cuntais náisiúnta bunaithe, rud a áirithíonn comparáideacht sonraí idir tíortha. Déantar na haicmithe sin a nuashonrú go tráthrialta chun a n-ábharthacht d'úsáideoirí a fheabhsú. Tugadh an tAicmiú Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra (COICOP) cothrom le dáta in 2018 agus ní mór na tagairtí in Iarscríbhinn A a ghabhann le COICOP a leasú chun an t-aicmiú nuashonraithe a léiriú.

Glactar an deis freisin Iarscríbhinn A a thabhairt cothrom le dáta chun mion-neamhréireachtaí téacsacha a sainaithníodh le linn a cur chun feidhme sna Ballstáit a cheartú.

<u>ii) Leasuithe ar Iarscríbhinn B (clár tarchuir CCE 2010)</u>

I bhfianaise a thábhachtaí atá sonraí cuntas náisiúnta maidir le críocha beartais agus le riachtanais níos leithne úsáideoirí san Aontas Eorpach, ní mór forbairtí ar riachtanais na n-úsáideoirí sin a chur san áireamh. Léiríonn an togra riachtanais athraitheacha úsáideoirí agus go háirithe na nithe seo a leanas:

- Infhaighteacht Staidrimh Airgeadais Rialtais a leathnú, go háirithe a mhéid a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus struchtúr fhiachas an rialtais.
- Bonn reachtach nuashonraithe a chur ar fáil chun tarchur cuntas ráithiúil neamhairgeadais le haghaidh an rialtais ghinearálta le moill t+ 3 mhí. Tá na sonraí á dtarchur ag na Ballstáit ar bhonn deonach.
- Feabhas a chur ar thráthúlacht tarchuir roinnt táblaí, mar shampla tarchur cuntais airgeadais bhliantúla le moill t+ 4 mhí agus tarchur sonraí COFOG le moill t+ 11 mhí. Meastar go n-éascóidh an ceann deireanach sin an úsáid a bhainfear as sonraí COFOG i bpróisis bheartais.
- An chomhsheasmhacht idir na táblaí a neartú, go háirithe trí leasú a dhéanamh ar na socruithe maidir le sprioc-amanna i ndáil le tarchur sonraí cuntais ráithiúla an earnála neamhairgeadais.
- Bunús reachtach a chur ar fáil le haghaidh tarchur deonach staidrimh a tharchuir na Ballstáit ar bhonn chomhaontuithe oinigh san am a chuaigh thart, mar shampla, tobmheastacháin OTI agus fostaíochta le moill t+ 30 lá agus t+ 45 lá.

Déantar foráil sa togra freisin maidir le feabhas a chur ar infhaighteacht na meiteashonraí a ghabhann le sonraí cuntas náisiúnta, agus maidir le comhsheasmhacht sonraí idir táblaí a neartú, go háirithe i gcás sonraí ráithiúla.

Ina theannta sin, glactar an deis leis an togra 11 ghníomh dlí a bhaineann le Córas Cuntas Eorpach (CCE 1995) a aisghairm, gníomhartha nach bhfuil ábhartha a thuilleadh ó cuireadh CCE 2010 i bhfeidhm.

2021/0407 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach [5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (CE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], rialachán lenar bunaíodh Córas Cuntas Eorpach athbhreithnithe (CCE 2010), tá creat tagartha na gcomhchaighdeán, na sainmhínithe, na n-aicmithe agus na rialacha cuntasaíochta maidir le cuntais na mBallstát a tharraingt suas ar mhaithe le ceanglais staitistiúla an Aontais, ionas go bhféadfar torthaí inchomparáide idir Ballstáit a fháil.

(2) Déantar foráil in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an modheolaíocht chun cuntais na mBallstát a tharraingt suas.

(3) Le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, sainaithníodh mion-neamhréireachtaí téacsúla in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ba cheart na neamhréireachtaí sin a cheartú.

(4) Le hIarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ('an clár tarchuir') foráiltear maidir le sraith táblaí de shonraí cuntas náisiúnta atá le tarchur chun críocha an Aontais laistigh de theorainneacha ama sonraithe.

(5) Ba cheart nuashonrú a dhéanamh ar tharchur sonraí cuntas náisiúnta chun riachtanais athraitheacha úsáideoirí mar aon le tosaíochtaí beartais nua agus forbairt ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua san Aontas a chur san áireamh.

(6) Rinne an 49ú Seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe an t-aicmiú athbhreithnithe maidir le hAicmiú Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra (COICOP 2018) a bhreithniú agus thacaigh sé leis, mar an caighdeán a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta. Déantar tagairt i Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 don aicmiú a bhí ann

---

5 IO C […], […], lch. […].

6 Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

roimhe seo (COICOP 1999) in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn B araon, agus dá bhrí sin ba cheart na tagairtí sin a nuashonrú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 a leasú dá réir.

(8) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 agus Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], maidir le haon ghníomh dlíthiúil déag atá bunaithe ar an gCóras Cuntas Eorpach a bhí ann roimhe seo, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle[8], níl na gníomhartha sin ábhartha a thuilleadh. Ba cheart na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur in ionad na mbeart atá i Rialachán (CE) Uimh. 359/2002[9], (CE) Uimh. 1267/2003[10], (CE) Uimh. 1392/2007[11], (CE) Uimh. 400/2009[12], (CE) Uimh. 1221/2002[13], (CE) Uimh. 501/2004[14] agus (CE) Uimh. 1161/2005[15] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1222/2004 ón gComhairle[16] agus Rialachán (CE) Uimh. 264/2000[17] agus Cinntí 2002/990/CE[18] agus 98/715/CE ón gCoimisiún[19]. Ba cheart, dá bhrí sin, na gníomhartha sin a aisghairm.

---

[7] Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) (IO L 91, 29.3.2019, lch. 19).

[8] Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (IO L 310, 30.11.1996, lch. 1).

[9] Rialachán (CE) Uimh. 359/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2002 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid CCE 95 i gcinneadh íocaíochtaí na mBallstát don acmhainn dhílis bunaithe ar CBL (IO L 58, 28.2.2002, lch. 1).

[10] Rialachán (CE) Uimh. 1267/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2003 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil leis an teorainn ama chun tarchur phríomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta, i ndáil leis na maoluithe a bhaineann le tarchur phríomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta agus i ndáil le tarchur sonraí fostaíochta in uaireanta an chloig oibrithe (IO L 180, 18.7.2003, lch. 1).

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1392/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil le tarchur sonraí cuntas náisiúnta (IO L 324, 10.12.2007, lch. 1).

[12] Rialachán (CE) Uimh. 400/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 126; 21.5.2009, lch. 11).

[13] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir leis na cuntas ráithiúil neamhairgeadais le haghaidh an rialtais ghinearálta (IO L 179, 9.7.2002, lch. 1).

[14] Rialachán (CE) Uimh. 501/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir leis na cuntas ráithiúil neamhairgeadais le haghaidh an rialtais ghinearálta (IO L 81, 19.3.2004, lch. 1).

[15] Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 maidir le tiomsú cuntas ráithiúil neamhairgeadais de réir earnála institiúidí (IO L 191, 22.7.2005, lch. 22).

[16] Rialachán (CE) Uimh. 1222/2004 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2004 maidir le tiomsú agus tarchur sonraí ar fhiachas ráithiúil an rialtais (IO L 233, 2.7.2004, lch. 1).

[17] Rialachán (CE) Uimh. 264/2000 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2000 maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil le staidreamh gearrthéarmach an airgeadais phoiblí (IO L 29, 4.2.2000, lch. 4).

[18] Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2002 (2002/990/CE) lena soiléirítear tuilleadh Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na prionsabail chun praghsanna agus méideanna i gcuntais náisiúnta a thomhas (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2002) 5054).

[19] Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Samhain 1998 (98/715/CE) lena soiléirítear Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal a mhéid a bhaineann leis na prionsabail chun praghsanna agus méideanna a thomhas (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(1998) 3685).

(9) Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024 chun go mbeidh sé i gcomhthráth leis an uainiú a comhaontaíodh le haghaidh athbhreithnithe tagarmhairc na gcuntas náisiúnta comhchuibhithe sna Ballstáit. Ní chuireann sé seo cosc ar na Ballstáit a gcuid staidrimh a thiomsú i gcomhréir leis na hiarscríbhinní leasaithe roimh an dáta ginearálta cur i bhfeidhm sin.

(10) Ó tharla nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhchaighdeáin staidrimh a chruthú lena bhféadfaí sonraí ar chuntais náisiúnta chomhchuibhithe a sholáthar, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr, dá bhrí sin, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(11) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 549/2-13 a leasú leis an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Cuirfear Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 549/2013.

*Airteagal 3*

Déanfar na gníomhartha dlíthiúla a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo a aisghairm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |